# Gaeilge sa státseirbhís

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlean nua atá ag an rialtas don tseirbhís Ghaeilge sa státseirbhís. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

A. Ceangail na daoine leis na teidil chearta:

An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

*Jimmy Deenihan*
*Brendan Howlin*

B. Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

| | |
|---|---|
| 1. in collaboration with | a. *sa todhchaí* |
| 2. bonus point system | b. *éileamh* |
| 3. failed | c. *in am trátha* |
| 4. being recruited | d. *scéim phíolótach* |
| 5. necessary | e. *i gcomhar le* |
| 6. appointment | f. *á n-earcú* |
| 7. demand | g. *teipthe* |
| 8. pilot scheme | h. *cearta teanga* |
| 9. language rights | i. *córas pointí bónais* |
| 10. in the future | j. *riachtanach* |
| *11.* in due course | k. *ceapachán* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 2** Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1. Roimhe seo fuair státseirbhísigh pointí bónais má bhí Gaeilge acu. ***Fíor nó Bréagach***.
2. Tá an rialtas ag iarraidh fáil réidh leis an gcóras sin mar tá ag teip air. ***Fíor nó Bréagach***.
3. Beidh Gaeilge ag 10% de na státseirbhísigh a earcófar amach anseo. ***Fíor nó Bréagach***.
4. Beidh gach roinn rialtas freagrach as an líon daoine le Gaeilge a bheidh ag teastáil uathu. ***Fíor nó Bréagach***.
5. Fáiltíonn Aengus Ó Snodaigh roimh an bplean. ***Fíor nó Bréagach***.
6. Creideann Aengus Ó Snodaigh gur gnáthcheart teanga é a bheith in ann déileáil leis an rialtas as Gaeilge. ***Fíor nó Bréagach***.
7. Thug Brendan Howlin a fhreagra as Gaeilge. ***Fíor nó Bréagach***.

**Ceist 3** '…Thug an tAire…'

A. Tá an aimsir chaite an-simplí ar fad! Féach ar na samplaí seo thíos agus breac síos na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite.

Ceannaigh: **Ar** c**h**eannaigh tú bainne inné?
C**h**eannaigh.
**Níor** c**h**eannaigh.

Ól: **Ar** ól tú an bainne go léir?
**D'**ól.
**Níor** ól.

B. Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an leagan de na briathra san aimsir chaite a bhí le fail inti:

Tabhair: _____
Fógair: _____
Abair: _____
Faigh: _____
Cuir: _____
Ceistigh: _____

C. An féidir leat féin agus an duine in aice leat ceisteanna agus freagraí a chumadh, ag úsáid na mbriathra sin anois?

**Ceist 4** '…sa státseirbhís…' agus '…i gcomórtais…'

Féach:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **i** | = | in | **i nGaillimh** |
| **in** roimh ghuta | | | **in Albain** |
| **sa** (i + an) | = | in the | **sa Spáinn** |
| **san** roimh ghuta | | | **san Íoslainn** |

Roghnaigh an focal ceart le cur sna bearnaí.
**sa san i in**

1. Níl aon suim agam _____ pheil.
2. Tá sí ina cónaí _____ Bheilg.
3. An raibh tú riamh _____ gCúba?
4. Cad atá _____ uisce?
5. Ní raibh mé riamh _____ áit mar seo.
6. Cé atá _____ ghluaisteán?
7. Tá sé ar scoil _____ gCorcaigh.
8. Cén teanga a labhraítear _____ Albain?
9. Labhraítear Breatnais _____ Bhreatain Bheag.
10. Tar isteach, ná fan _____ fhuacht.

**Ceist 5** '…na ranna rialtais a **g**cinneadh féin a dhéanamh…'

1. Cén ghné den gramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Cuir an fhoirm cheart den fhocal 'cinneadh' sna habairtí seo:

- Caithfidh mé mo _____ féin a dhéanamh.
- Caithfidh tú do _____ féin a dhéanamh.
- Caithfidh sé a _____ féin a dhéanamh.
- Caithfidh sí a _____ féin a dhéanamh.
- Caithfimid ár _____ féin a dhéanamh.
- Caithfidh sibh bhur _____ féin a dhéanamh.
- Caithfidh siad a _____ féin a dhéanamh.

**Ceist 6** Pléigh an cheist leis na daoine eile i do ghrúpa:

Ar cheart go mbeadh Gaeilge ag gach státseirbhíseach?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

A
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: *Brendan Howlin*
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta: *Jimmy Deenihan*

B

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| e | i | g | f | j | k | b | d | h | a | c |

**Ceist 2**
1. Fíor
2. Fíor
3. Bréagach
4. Fíor
5. Bréagach
6. Fíor
7. Bréagach

**Ceist 3**

A. Is féidir a rá leis na mic léinn go mbaineann ‘r’, ‘séimhiú’ agus ‘d’’ leis an aimsir chaite. Is é sin le rá:

   - ✓ Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair chun an aimsir chaite a chur in iúl (C**h**eannaigh mé bainne).
   - ✓ Cuirtear ***d’*** ar bhriathra a thosaíonn le guta nó le F (**D**’ól mé an bainne go léir, D’fhág mé an teach).
   - ✓ Baintear úsáid as an mír bhriathartha ***Ar*** chun ceist a chur (**Ar** cheannaigh tú? **Ar** ól tú?).
   - ✓ Baintear úsáid as an mír bhriathartha ***Níor*** chun freagra diúltach a thabhairt (**Níor** cheannaigh mé, **níor** ól me).

B/C
Is féidir an mhír a stopadh tar éis gach sampla. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar na briathra mírialta agus mínigh dóibh nach leanann siad na gnáthrialacha a bhaineann leis an aimsir chaite i gcónaí.

| | |
|---|---|
| Tabhair: | Thug. Ar thug? thug, níor thug |
| Fógair: | D’fhógair. Ar fhógair? d’fhógair, níor fhógair |
| Abair: | Dúirt. An ndúirt? dúirt ní dúirt |
| Faigh: | Fuair. An bhfuair? fuair, ní bhfuair |
| Cuir: | Chuir. Ar chuir? chuir, níor chuir |
| Ceistigh: | Cheistigh. Ar cheistigh? cheistigh, níor cheistigh |

**Ceist 4**

1. Níl aon suim agam **sa** pheil.
2. Tá sí ina cónaí **sa** Bheilg.
3. An raibh tú riamh **i** gCúba?
4. Cad atá **san** uisce?
5. Ní raibh mé riamh **in** áit mar seo.
6. Cé atá **sa** ghluaisteán?
7. Tá sé ar scoil **i** gCorcaigh.
8. Cén teanga a labhraítear **in** Albain?
9. Labhraítear Breatnais **sa** Bhreatain Bheag.
10. Tar isteach, ná fan **san** fhuacht.

**Ceist 5**

**1.** An aidiacht shealbhach.

**2.**

Caithfidh mé mo **chinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfidh tú do **chinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfidh sé a **chinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfidh sí a **cinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfimid ár **gcinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfidh sibh bhur **gcinneadh** féin a dhéanamh.
Caithfidh siad a **gcinneadh** féin a dhéanamh.

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Maolra Mac Donnachadha**
Ba i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a deineadh[1] an cinneadh deireadh a chur leis an gcóras pointí bónais do dhaoine le Gaeilge, i gcomórtais sa státseirbhís. Thug An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an méid sin le fios i bhfreagra i scríbhinn ar cheist Dála. Thug an tAire Brendan Howlin tuilleadh soiléirithe sa bhfreagra sin ar mar a oibreoidh an córas nua.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Ag deireadh na míosa seo caite a d'fhógair an rialtas go rabhadar ag cur deiridh le pointí bónais a bhronntar ar dhaoine a bhfuil Gaelainn[2] acu sa státseirbhís. Ag an am, dúirt Aire na Gaeltachta, Dinny McGinley, go raibh teipthe go hiomlán ar chóras na bpointí bónais agus dúradh gurb é plean nua an rialtais, córas nó cuóta a chur i bhfeidhm ina mbeadh Gaelainn ag sé faoin gcéad de státseirbhísigh nua a bheadh á n-earcú amach anseo. Anois, tugann freagra a fuair an Teachta Dála, Aengus Ó Snodaigh, ar an ábhar a thuilleadh soiléireachta faoi cad go díreach a bheidh i gceist.

Sa fhreagra ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin, deirtear go bhfágfar faoi na haon[3] roinn rialtais a gcinneadh féin a dhéanamh maidir leis na postanna[4] a mbeidh Gaelainn riachtanach. Beidh suas le sé faoin gcéad de na daoine nua a earcófar sa státseirbhís ar phainéal do dhaoine le Gaelainn, ach braithfidh ceapachán na ndaoine sin ar éileamh na ranna rialtais ar dhaoine le Gaelainn. Dá bhrí sin, beidh líon na ndaoine a cheapfar le Gaelainn teoranta. Tá sé soiléirithe chomh maith gur scéim phíolótach í seo a chuirfear i bhfeidhm má bhíonn gá ag na ranna rialtais léi.

**Aengus Ó Snodaigh**
Tá mé go hiomlán in amhras. Tá an tAire tar éis a rá go roghnófar painéal agus ansin go roghnófar na daoine de réir mar a thagann na postanna chun cinn agus gur suas go dtí sé faoin gcéad a bheidh i gceist. Níl aon léiriú tugtha aige go n-oibreoidh an córas seo nó go roghnófar aon duine ón bpainéal. Is gá fáil réidh leis an bplean atá aige don sé faoin gcéad agus go mbeadh Gaeilge ag gach uile státseirbhíseach. *So* má chuireann mise glaoch ar roinn go mbeidh mé in ann an freagra a fháil as Gaeilge, go mbeidh mé in ann mo ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Sin an t-aon bhealach chun cearta Gaeilgeoirí, cearta teanga Gaeilgeoirí a chosaint agus a chur chun cinn sa todhchaí. Níl tharlóidh sé sin le sé faoin gcéad.

Dúradh chomh maith i bhfreagra an Aire Howlin go ndearnadh an cinneadh seo i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ba i nGaelainn a chuir an Teachta Ó Snodaigh a cheist, ach ba i mBéarla a freagraíodh é, agus dúradh sa fhreagra go gcuirfí leagan Gaeilge ar fáil dó in am trátha. Tráthnóna, cheistigh Nuacht an roinn faoi seo ach níor cuireadh aon mhíniú ar fáil dúinn.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[1] *rinneadh* atá sa chaighdeán
[2] leagan Muimhneach den fhocal *Gaeilge*
[3] = gach aon
[4] *poist* atá sa chaighdeán